# **Tuarascáil Bhliantúil de Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010**

(De bhun Alt 57AW d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 (Acht an Bhainc Ceannais 2003))

1. Tá beirt Fheidhmeannach agus cúigear Comhalta ar Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (An Binse Achomhairc) Is iad Feidhmeannaigh an Bhinse ná:
   Francis D. Murphy, iarBhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, Cathaoirleach; Inge Clissmann, Abhchóide Sinsearach, LeasChathaoirleach. Is iad Comhaltaí an Bhinse ná: Geraldine Clarke, John Fish, Liam Madden, John Loughrey agus Paulyn Marrinan-Quinn.

2. Is í Treasa Kelly B.L. atá mar Chláraitheoir ar an mBinse Achomhairc.

3. Tá oifig an Bhinse Achomhairc lonnaithe ag Teach Freidiric, 19 Sráid Freidiric Theas, Baile Átha Cliath 2. Uimhir theileafóin: 01- 6350040. Uimhir faics: 01-6350249. Suíomh gréasáin: www.ifsat.ie. Is ag Sráid Freidiric Theas atá oifigí an Bhinse lonnaithe ó bunaíodh é sa bhliain 2007, ach meastar go gcuirfear deireadh leis an socrú seo go gairid. Rinneadh soláthar do chóiríocht oifige eile dá bharr sin i mBuiséad an Bhinse do 2011.

4. a) Tháinig Fógra Achomhairc amháin faoi bhráid an Bhinse Achomhairc i rith na bliana. Ba de bhun Ailt 18 agus 20 den Acht Árachais 1989 a rinneadh an achomharc. Cheap an Cathaoirleach beirt chomhalta chun suí leis ag éisteacht an achomhairc. De bhrí go raibh an Fógra neamhiomlán, thug an Cláraitheoir síneadh ama achomharc athbhreithnithe a dhéanamh, de réir na cumhachtaí a bronnadh uirthi ag Riail 4 (1) de Rialacháin Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2008 (na Rialacháin). Mhol an Binse Achomhairc go gceanglófaí an comhlacht árachais (an Comhlacht) mar Fhreagarthóir sa phróiseas.

b) Rinne triúr Ainmní a mhaígh iad a bheith údaraithe ag fostaithe an Chomhlachta an t-iarratas agus a raibh Treoir tugtha cheana féin ag an Rialtóir Airgeadais ina thaobh. Ba dheacair a chruthú, de réir ciall agus aidhmeanna Alt 28 d'Acht an Bhainc Ceannais 1942 agus a athbhreithníodh ag 57 A (1) d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 ar páirtí díobhálaithe iad na fostaithe go léir nó cuid d'fhostaithe an Chomhlachta a raibh Treoir tugtha cheana féin ag an Rialtóir Airgeadais ina thaobh. Níor choimeád na hAinmnithe seo aturnae a labhródh ar a son.

c) Chuir na hAinmnithe iarratas faoi bhráid an Bhinse Achomhairc ag iarraidh an éarlais de €5,000.00 is gá a íoc de réir Riail 5(1) de na Rialacháin a ghlanadh. D'aontaigh an Binse Achomhairc an éarlais iomlán a ghlanadh ar chúinse go léireofaí gur thacaigh tuairim Abhcóide le héilimh na nAinmnithe achomharc a dhéanamh ar Threoir an Rialtóir Airgeadais. Ghlan an Binse Achomhairc an éarlais seo de bhrí gur cuireadh tuairim Abhcóide ar fáil.

d) Phlé Comhaltaí an Bhinse Achomhairc a ceapadh leis an achomharc thuasluaite a éisteacht leis na ceisteanna tosaigh ag cruinnithe in oifigí an Bhinse nó trí ghlaonna comhdhála nuair ab fhéidir.

e) Tharraing na hAinmnithe an t-achomharc siar ina dhiaidh sin gan éilimh nó líomhaintí na nAinmnithe á bhfreagairt ag ceachtar de na bhFreagróirí.

f) Ní bhfuair an Binse Achomhairc aon iarratas eile i rith na bliana.

5. D'fhreastal an Leas-Chathaoirleach agus an Cláraitheoir ar an mBinse Seirbhísí Airgeadais agus Margaíochta i Londain i Márta 2010 ar mhaithe le scrúdú a dhéanamh ar an gcur chuige achomhairc a bhí in úsáid acu siúd. Míníodh na forálacha dlíthiúla cuí do na comhaltaí agus na socruithe praiticiúla riaracháin agus tugadh an deis dóibh suí isteach ar éisteachtaí agus ar dhíospóireachtaí an Bhinse áitiúil ar feadh dhá lá. Is suntasach i gcur chuige achomhairc na Breataine an bhéim a chuirtear ar fhianaise i scríbhinn seachas ó bhéal. Is amhlaidh nach dtagann mórán achomhairc roimh Bhinse na Breataine. D'íoc an Binse Achomhairc as costais agus speansais a bhí ag an ionadaíocht Éireannach thar an tréimhse dhá lá agus tá siad san áireamh sna cuntais iniata don bhliain atá faoi léirmheas.

6. I Meán Fómhair 2010, bheartaigh an Leas-Chathaoirleach freastal ar chruinniú leis an '*German Federal Finanacial Supervisory Authority*' ( BaFIN) i mBeirlin. Chuaigh an ról a ghlac an t-údarás Gearmánach sna himeachtaí a tháinig roimhe sa bhliain 2007 i bhfeidhm go mór ar an mBinse Achomhairc. Tugadh faoi deara go raibh difríocht mhór idir na forálacha dlíthiúla agus praiticiúla a bhain le cur chuige an BaFIN i gcomparáid leis an gcur chuige a úsáidtear anseo agus nárbh múnla cabhrach é seo dúinne. Níor lorg an Leas-Chathaoirleach aisíocaíocht ar bith as freastal ar an BaFIN.

7. Chuir an Cláraitheoir aon eolas a tháinig as na cuairteanna seo ar Bhinsí Achomhairc eile maraon le gach eolas cuí ar aghaidh go dtí Comhaltaí an Bhinse Achomhairc.

8. Bhuail Comhaltaí uile an Bhinse Achomhairc le chéile uair amháin sa bhliain le córas feidhmithe an Bhinse a phlé agus ar mhaithe leis an nasc gairmiúil eatarthu a choimeád. D'íoc an Binse Achomhairc as an lón ag an gcruinniú seo.

9. Pléann Cláraitheoir an Bhinse Achomhairc le ceisteanna ón bpobal agus ó am go chéile ó na meáin chumarsáide maidir le córas feidhmithe agus cur chuige an Bhinse Achomhairc. Bíonn an Cláraitheoir i dteagmháil chomh maith leis an Roinn Airgeadais agus an Banc Ceannais maidir le gnó an Bhinse Achomhairc agus dul chun cinn na bhfheidhmeanna reachtúla.

10. Ba de réir fhorálacha Acht Corparáideach Bhanc Angla-Éireann 2009 a bronnadh cumhacht ar an mBinse Achomhairc luach scaireanna sa Bhanc úd i gcásanna ar leith a mheas ach rinne Acht Athbhreithnithe an Bhainc Ceannais 2010 athbhreithniú ar sin.

11. Tá cuntais an Bhinse Achomhairc don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2010 mar iarscríbhinn leis seo.

An Chathaoirleach

## Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann
## Cuntas ioncaim agus caiteachais don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2010

| **Ioncam** | **2010**<br>**€** | **2009**<br>**€** |
|---|---|---|
| Cistí a sholáthar an Banc Ceannais | 100,000 | 150,000 |
| **Caiteachas** | | |
| **Costais éisteachta** | | |
| Táillí Painéal | 2,145 | 22,808 |
| Gearrscríobhaí | 0 | 3,489 |
| Slándáil | 0 | 675 |
| **Costais riaracháin** | | |
| Táillí feidhmiúcháin | 90,965 | 91,799 |
| Táillí dlíthiúla agus gairmiúla | 5,697 | 400 |
| Cuntasaíocht | 4,980 | 3,154 |
| Staiseanóireacht, priontáil & cumarsáid | 695 | 436 |
| Taisteal, cothabháil & ceaintín | 3,403 | 985 |
| Táillí bainc | 46 | 67 |
| **Caiteachas iomlán** | 107,931 | 123,814 |
| **(Easnamh) Barrachas ioncaim de bhreis ar chaiteachas** | (7,931) | 26,186 |

Áirítear táillí Feidhmiúcháin an Chathaoirligh agus an LeasChathaoirligh ar an mbonn go raibh siad ar fáil do ghnóthaí an Bhinse Achomhairc ar feadh dhá lá agus lá amháin sa mhí faoi seach.

____________________________________

**Cláraitheoir**

Deimhnímid leis seo gur chruthaigh an Cláraitheoir leabhair agus taifid de réir ár gcomhairle agus go bhfuil siad á riaradh againn. Deimhnímid go bhfuil na cuntais thuas bunaithe ar na leabhair agus na taifid chéanna agus go dtugann siad ráiteas cruinn d'ioncam agus caiteachas Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2010.

____________________________________

**Spain McQuillan**
**Cuntasóirí Cairte & Iniúchóirí Cláraithe**